

## **Aistritheoir Gaeilge Inmheánach**

### **Maidir le Seirbhísí Teanga DCU**

Bunaíodh Seirbhísí Teanga DCU in 1992 nuair a tógadh as Scoil na dTeangacha Feidhmeacha agus Staidéar Idirchultúrtha é in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Cuireann Seirbhísí Teanga DCU réimse leathan réitigh teanga ar fáil, lena n-áirítear seirbhísí aistriúcháin agus profála, logánú closamhairc (tras-scríobh fuaime agus fotheidealú), measúnuithe ar inniúlacht teanga le haghaidh earcaíochta, tástáil faoin gcóras idirnáisiúnta tástála Béarla (IELTS) agus oiliúint i mBéarla.

Cuirimid seirbhísí teanga ar fáil i mbreis agus 70 teanga – orthu sin is mó éileamh tá an Ghaeilge, an Araibis, an tSínis, an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis, an Spáinnis, an Pholainnis agus an Phortaingéilis. Oibrímid i gcomhar le cliaint i dtionscail éagsúla: margaíocht, oideachas, innealtóireacht, bia, fáilteachas, leigheas/cógaisíocht, taisteal agus eagraíochtaí neamhbhrabúis, gan ach cuid acu a lua.

### **Achoimre ar an bPost**

Is éard is cuspóir ghinearálta leis an bpost tacú le foireann Sheirbhísí Teanga DCU réimse tascanna teanga a chur i gcrích (tascanna aistriúcháin agus profála ó Bhéarla go Gaeilge den chuid is mó atá i gceist, ach beidh beagán eagarthóireachta ann freisin chomh maith le tras-scríobh fuaime agus obair shlachtaithe ar chuimhne aistriúcháin agus ar bhunachar téarmaí, i measc tascanna eile.) Gheobhaidh tú taithí luachmhar agus léargas maith freisin ar an gcaoi a reáchtáiltear gníomhaireacht aistriúcháin ó lá go lá agus ar bhainistíocht tionscadail aistriúcháin.

### **Ar phríomhchúraimí an phoist tá:**

- Iarratais aistriúcháin ad hoc a aistriú agus a phrofáil ar bhonn laethúil
- Comhoibriú le haistritheoirí eile ar thionscadail fhadtéarmacha
- Seiceálacha dearbhaithe cáilíochta a dhéanamh agus aiseolas a thabhairt ar chaighdeán ginearálta na n-aistriúcháin Gaeilge
- Slacht a chur ar chuimhne aistriúcháin agus ar bhunachar téarmaí
- Comhaid a phróiseáil ar uirlis aistriúcháin ríomhchuidithe (CAT) agus ábhar tagartha a chur i dtoll a chéile le haghaidh tionscadail
- Tascanna riaracháin a dhéanamh

### **Próifíl an Iarratasóra:**

- Cumas dúchais Béarla agus Gaeilge
- Dearcadh dearfach i leith na hoibre agus tiomantas d'obair foirne
- Mionchruinneas teanga
- Sárscoilteanna cumarsáide
- Scileanna maithe eagrúcháin agus cumas cloí le spriocdhátaí
- Scileanna maithe sa teicneolaíocht faisnéise (is inmhianta go mbeadh cur amach ag an té a cheapfar ar uirlisí CAT ach ní riachtanas é, óir cuirfear oiliúint iomlán ar fáil go hinmheánach)
- Taithí ar obair aistriúcháin, profála agus/nó logánaithe (inmhianta)

### **Próiseas Iarratais:**

Seoltar iarratais mar aon le CV agus litir chlúdaigh ar an ríomhphost chuig [niamh.omahony@dcu.ie](mailto:niamh.omahony@dcu.ie)

**An spriocdháta d'iarratais:** 10 Meán Fómhair 2021

**Mionsonraí:**

Conradh: Lánaimseartha, sealadach

Fad: 6 mhí

Dáta tosaigh: 20 Meán Fómhair 2021

Tuarastal: Iomaíoch agus bunaithe ar thaithí

Sceideal: Luan go hAoine (uaireanta gnó)

Maidir le COVID-19: Cianobair a bheidh i gceist 100% den am ar dtús, ach is féidir go bhfillfear ar an oifig ag brath ar threoirlínte sábháilteachta